



Rewarding Learning

ADVANCED SUBSIDIARY (AS)
General Certificate of Education
2024

Uimhir Lárionaid

--	--	--	--	--

Uimhir Iarrthóra

--	--	--	--	--

Forbairt Córas Bogearraí

Aonad AS 1

Tús eolais ar Fhorbairt
Bunaithe ar Oibiachtaí



[SDV11]

SDV11

DÉ HAOINE 24 BEALTAINÉ, MAIDIN

AM

2 uair an chloig.

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.

Ní mór duit na ceisteanna a fhreagairt sna spásanna chuige sin.

Ná scríobh taobh amuigh den achar bhoscáilte ar gach leathanach ná ar leathanaigh bhána.

Comhlánaigh le dúch dubh amháin. **Ná scríobh le peann glóthaí.**

Freagair **gach ceann** de na **sé** cheist.

EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 100 an marc iomlán don pháipéar seo.

Léiríonn figiúirí idir lúibíní atá priontáilte ar thaobh na lámhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

COMHAIRLE D'IARRTHÓIRÍ

Moltar duit na marcanna atá ag dul do gach cuid de cheist a chur san áireamh agus an t-am atá ar fáil sa scrúdú á leithdháileadh agat.

14306.06R



20SDV1101

- 1 Tá na ráitis seo a leanas a bhaineann le timpeallacht bunaithe ar oibiachtaí fíor nó bréagach. Scríobh an focal **fíor** nó **bréagach** taobh le gach ráiteas sa tábla thíos.

Ráiteas	Fíor/ Bréagach
Ní féidir ásc d'aicme theibí a chruthú go díreach.	
Éascaíonn polamorfacht oibiachtaí ó aicmí éagsúla a láimhseáil mar áisc de bhunaicme chomhroinnte.	
Cuireann comhéadan i ríomhchlárú atá bunaithe ar oibiachtaí cur i bhfeidhm iomlán modhanna ar fáil.	
Is é príomhfheidhm an imchochlaithe ná baill inmheánacha oibiachta a cheilt agus gan ach feidhmiúlachtaí riachtanacha a thaispeáint.	
Ligeann forlódáil modhanna duit modhanna iolracha a shainmhíniú san aicme chéanna leis an ainm chéanna ach le paraiméadair éagsúla.	
Leis an imchochlú, is féidir an fheidhmiúlacht agus na sonraí in aicme a rochtain go randamach trí chód taobh amuigh den aicme.	

[6]



- 3 Tá sé scáileán scannán ag pictiúrlann áitiúil, agus taispeánann gach ceann acu scannáin éagsúla le linn na seachtaine. Dearadh eagar 2-thoiseach darb ainm **ScreenSales** le sonraí na ndíolachán a choinneáil.

Léiríonn gach ró den eagar scáileán scannán agus léiríonn gach colún líon iomlán na dticéad ar phraghas iomlán agus ar phraghas lascainithe a díoladh do gach scáileán scannán thar aon seachtain ar leith.

Déantar na sonraí a thaifeadadh thar thréimhse seachtaine agus athshocraítear iad ag nialas i dtús gach seachtaine. Cosnaíonn ticéad ar phraghas iomlán £12 agus cosnaíonn ticéad lascainithe £5.50.

Tá sampla d'inneachar an eagar taispeánta thíos.

Praghas iomlán	Praghas lascainithe
245	200
254	243
300	167
500	164
176	265
198	300

- (a) Scríobh an cód leis an eagar **ScreenSales** a chruthú.

[3]



- 4 Tairgeann an comhlacht Grianphainéil Bhéal Feirste pacáistí le grianphainéil a sholáthar agus a shuiteáil do ghnólachtaí tráchtála agus d'úinéirí tithe príobháideacha. Nuair a chuireann custaiméir ordú isteach, bíonn an dáta ordaithe socraithe go huathoibríoch ag dáta an lae inniu.

Tá trí chineál pacáiste ar fáil: Bunúsach, Caighdeánach agus Den Scoth. Tá faisnéis maidir leis na pacáistí seo tugtha thíos.

Cód Pacáiste	Ainm Pacáiste	Costas (gan CBL (VAT) san áireamh)
A	Bunúsach	£4500
B	Caighdeánach	£6900
C	Den Scoth	£10000

Dearadh aicme, **Order**, le sonraí a choinneáil faoi ordú.

```
public class Order{
    private string customerName;
    private bool businessCustomer;
    private char packageCode;
    private DateTime orderDate;
```

- (a) Cad é an prionsabal den ríomhchlárú atá bunaithe ar oibiachtaí a úsáidtear lena chinntiú nach féidir baill aicme a rochtain ach amháin ón taobh istigh den aicme?

_____ [1]

- (b) Scríobh an cód do chruthaitheoir paraiméadraithe / réimse don aicme Order.

_____ [3]



5 Nuair atá bogearraí á bhforbairt, ba chóir teicnící bunúsacha tástála a chur i bhfeidhm.

(a) Comhlánaigh na ráitis seo a leanas trí na focail nó fráasaí cuí ón liosta atá tugtha thíos a chur isteach.

cruthaitheoirí	formáide	oibiacht	raoin
cinéal sonraí	túsú	forlódáil	athúsáid
réamhshocraithe	íochtarach	paraiméadair	sonraí tástála
spleáchas	modhanna	láithreachta	uachtarach
teipthe	mionathraitheoirí	airíonna	fíorú

I ríomhchlár, ba chóir _____ , _____

agus _____ a thástáil lena chinntiú go bhfuil siad

sainmhínithe mar is ceart. Is féidir modhanna a úsáidtear i ríomhchlár a thástáil

agus a _____ .

Tá roinnt seiceálacha difriúla de dhíth le sonraí ionchuir a bhailíochtú.

D'fhéadfadh seiceáil _____ a bheith mar chuid den

bhailíochtú lena chinntiú gur iontráladh na sonraí. Más gá do shonraí a bheith

idir teorainn _____ agus teorainn _____

ba chóir seiceáil _____ a úsáid. In amanna, caithfidh sonraí

patrún socraithe a leanúint agus ba chóir seiceáil _____ a

úsáid sa chás sin.

Ba cheart plean tástála a **chruthú** do phársa bogearraí lena chinntiú go

ndearnadh tástáil mar is ceart agus ionas gur féidir tástálacha

_____ a cheartú.

[5]



(b) Comhlánaigh an plean tástála thíos do mhodh – public static double calcWage(int hrs) a aischiureann tuarastal ag úsáid na gcritéar seo a leanas:

- íoctar an ráta pá don chéad 35 uair an chloig oibrithe ar £6.50;
- íoctar an ráta pá don chéad 8 n-uair an chloig sa bhreis ar 50% de bhreis ar an £6.50;
- íoctar an ráta pá d’am ar bith thar 42 uair an chloig ar ráta dúbailte £6.50.

Uimhir tástála	Sonraí tástála	Fáth leis an tástáil	Toradh ionchais	Toradh (cur síos – ní thugtar seo ach amháin má bhíonn sé difriúil leis an toradh ionchais)	Forbairt bhreise
1	uaireanta = deich	Lena chinntiú go nglactar le slánuimhir	Nochtann teachtaireacht earráide ar an scáileán		gan ceann ar bith
2		Lena sheiceáil nach nglactar le huimhir atá faoin luach íosta	Nochtann teachtaireacht earráide ar an scáileán	✓	gan ceann ar bith
3	uaireanta = 25	Lena sheiceáil go gcuirtear ráta ceart pá i bhfeidhm d’uaireanta bailí suas go dtí 35 agus 35 san áireamh	Nochtann luach ceart ar scáileán	Nocht luach mícheart ar scáileán	
4	uaireanta = 40	Lena sheiceáil go gcuirtear ráta ceart pá i bhfeidhm d’uaireanta bailí suas go dtí 35 agus ráta ceart pá d’uaireanta suas go dtí 42 agus 42 san áireamh		✓	gan ceann ar bith
5	uaireanta = 44		Nochtann luach ceart ar scáileán	✓	gan ceann ar bith

[5]

[Tiontaigh an leathanach

14306.06R



20SDV1113


- 6 Is lárionad é Hillwalk Adventures (Eachtraí Cnocadóireachta) a thairgeann eispéiris chnocadóireachta do chustaiméirí. Déantar gach eispéireas a rátáil ar leibhéal dhifriúla, tosaitheoir, meánleibhéal nó duine a bhfuil a lán taithí aige agus cosnaíonn gach eispéireas £25 sa lá. Tá seirbhís roghnach bailithe/fágála ar fáil ar chostas £8.

Tairgeann an lárionad cúrsaí cnocadóireachta fosta a bhfuil 2, 4 nó 6 cinn de shiúlóidí treoraithe i gceist leo, a dtig le custaiméirí foghlaim faoin timpeallacht áitiúil lena linn. Gearrtar praghas na gcúrsaí mar chostas lae an eispéiris cnocadóireachta, móide £15 do gach tacar de 2 shiúlóidí threoraithe.

Cuirtear lascaine 5% i bhfeidhm má cheannaíonn custaiméir 4 shiúlóidí threoraithe agus 10% má cheannaíonn siad 6 shiúlóidí threoraithe. Cuirtear lascaíní i bhfeidhm go huathoibríoch nuair a chomhlánaítear an áirithint.

Lena chois sin, tairgeann Hillwalk Adventures cúrsa tearmainn sléibhe thar oíche. Is cúrsaí breisithe iad seo a reáchtáiltear ag suíomhanna iargúlta. Is é an costas ar thearmann sléibhe ná £35 in aghaidh na hoíche.

Léaráid oidhreachta do Hillwalk Adventures



Fíor. 1





[11]

Tá modh darb ainm **CalculatePrice()** de dhíth ar gach aicme i **bhFíor 1**, le costas gach cinn de na gníomhaíochtaí atá á dtairiscint ag Hillwalk Adventures a ríomh.

(c) Scríobh modh darb ainm **CalculatePrice()** don aicme HillwalkingExperience le costas na háirithinte a aiscur.

[4]

(d) Scríobh an modh **CalculatePrice()** don aicme MountainRetreat le costas na háirithinte a aiscur.

[4]

[Tiontaigh an leathanach



NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

Don Scrúdaitheoir amháin	
Uimhir Ceiste	Marcanna
1	
2	
3	
4	
5	
6	

Marc Iomlán	
--------------------	--

Uimhir Scrúdaitheora

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

SDV11
297015/1



20SDV1120